**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* VB

*Cosantóir:* Comune di Portici

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 49 CFAE, ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear toirmeasc ar oibrí féinfhostaithe a bhfuil cónaí air i mBallstát ar feadh níos mó ná 60 lá ó thiomáint sa Bhallstát sin le feithicil atá cláraithe i mBallstát eile i gcás nach mbeartaítear an fheithicil a úsáid go príomha sa chéad Bhallstát ar bhonn buan ná, i ndáiríre, nach n-úsáidtear í ar an mbealach sin.

(1) IO C 148, 04.04.2022

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Audiencia Nacional (an Spáinn) an 5 Aibreán 2022 – Imeachtaí coiriúla in aghaidh Abel**

**(Cás C-235/22)**

(2023/C 24/24)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Audiencia Nacional

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Cosantóir:* Abel

*Tríú páirtí:* Ministerio Fiscal

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcaithfear Airteagail 126 agus 127 *den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach [Comhaontú um Tharraingt Siar]* [1] *agus Airteagail 18.1 agus 21.1 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh* a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm acu i leith iarratais ar eiseachadadh ó thríú stát a rinneadh i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar i leith saoránach den Ríocht Aontaithe a bhí ina chónaitheoir i mBallstát i rith agus i ndiaidh dheireadh an Chomhaontuithe um Tharraingt Siar i leith gníomhartha arna ndéanamh roimh agus le linn bhailíocht an Chomhaontuithe um Tharraingt Siar?

   I gcás go dtugtar freagra diúltach ar an gceist sin,

2) an gcaithfear *Airteagail 10, 12, 13, 14, 15, 126 agus 127 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach [Comhaontú um Tharraingt Siar] agus Airteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag an gcásdlí i mbreithiúnais na Cúirte Breithiúnais i gcásanna C-182/15 (Petruhhin)* [2], *Pisciotti (C-191/16)* [3] *agus C-897/19 PPU (I.N.)* [4] i leith iarratais ar eiseachadadh ó thríú tír i leith náisiúnaigh Bhriotanaigh a bhí ina saoránach den Aontas Eorpaigh tráth na ngníomhartha is cúis leis an iarratas ar eiseachadadh agus a bhí ina chónaí go leanúnach ar chríoch Ballstát eile roimh agus le linn bhailíocht an Chomhaontuithe um Tharraingt Siar?

   I gcás go dtugtar freagra diúltach ar an gceist sin,

3) an bhfuil feidhm ag an gcásdlí i *mbreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcásanna C-182/15 (Petruhhin), C-191/16 (Pisciotti) agus C-897/19 PPU (I.N.)* i bhfianaise an chreata i leith chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla dá bhforáiltear in Airteagail 62 go 65 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Teideal VII den tríu Páirt den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an Aontais Eorpaigh, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i leith iarratais ar eiseachadadh i leith náisiúnaigh Bhriotanaigh a bhí ina saoránach den Aontas Eorpaigh tráth na ngníomhartha is cúis leis an iarratas ar eiseachadadh agus a bhí ina chónaí go leanúnach ar chríoch Ballstát eile roimh agus le linn bhailíocht an Chomhaontuithe um Tharraingt Siar?

(1) IO 2020 L 29, lch. 7.
(2) Breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2016, EU:C:2016:630
(3) Breithiúnas an 10 Aibreán 2018, EU:C:2018:222
(4) Breithiúnas an 2 Aibreán 2020, EU:C:2020:262

## Achomharc arna thabhairt an 4 Bealtaine 2022 ag Luis Miguel Novais i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlísheomra) a fógraíodh an 4 Márta 2022 i gCás T-66/22, Novais v an Phortaingéil

**(Cás C-295/22 P)**

(2023/C 24/25)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Luis Miguel Novais (ionadaithe: Á. Oliveira agus C. Almeida Lopes, advogados)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Poblacht na Portaingéile

Le hordú an 24 Samhain 2022, dhíbh an Chúirt Bhreithiúnais (an Séú Dlísheomra) an t-achomharc toisc é a bheith gan bhunús go follasach.

## Achomharc arna thabhairt an 9 Bealtaine 2022 ag Union nationale des indépendants solidaires (UNIS) i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra) a tugadh an 08/03/2022 i gCás T-431/21, UNIS v an Coimisiún

**(Cás C-324/22 P)**

(2023/C 24/26)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Union nationale des indépendants solidaires (UNIS) (ionadaí: F. Ortega, Dlíodóir)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

Le hordú an 1 Nollaig 2022, dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais (an Séú Dlísheomra) don achomharc toisc gur follas nach raibh bunús leis agus chinn sí nach mór don achomharcóir a chostais féin a íoc.